Clú Laighean as oighreacht d’Aodh

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 15]

Mac Casarlaigh .cc.

1 Clú Laighion as oighriocht d’Aodh,
tarsa do throimleath a luadh;
mór ttír fár sgaoileadh an scél,
séan Gaoidheal dá bhrígh budh buan.

2 Fuil Bhranach na mbronntadh réidh,
slonntar a mbladh-san dá mbrígh;
ag so an oighriocht budh dual dáibh,
luadh ráidh a ttoirbhiort ’s gach tír.

3 Deacair ós aird iomaidh riú;
dá n-ainm cá siobhal is sia?
dámadh é a ttoil cleith a gclú,
ar bhreith do chrú Broin ní bhia.

4 Sdéd meardha léigidh ar lúdh
tré theannta gur réidhigh raon;
laoich ag sgaoileadh a reann ruadh,
laoidheadh druadh níorbh fhearr ar Aodh

5 Fríoth céile lér chneasda súil
samhuil gach éinfhir dá n-uair;
cuid dá falaidh do bhí ar Bhóinn
rí don fhóir Bhranaigh do bhuain.

6 Do buadhadh ar bhronnadh ríogh,
a dhuasa troma ar gach taobh;
scél iongna go n-oighe an-iar,
triall scoile as iomdha go hAodh.

7 Rug bantracht ó [a] bhfearuibh féin,
gallphort fá dheathaigh ’na dhiaidh,
bean calla go n-énuibh óir
ar scéluibh slóigh Banna biaidh.

8 Tréinfhir nár chasmhail do chlódh,
a ttréidhe a ttachar do thaom;
barr ar a n-abair fá fhíon
ag svíomh crann do adaimh Aodh.

9 D’éis a ttairbhiort ríoghdha ón fhréimh
líonmhar a ndaightheisd ag dáimh,
díogha a gcruidh is a gcuach n-óir

budh dóigh ag fuil Duach gan dáil.

10 Sloinntear ar sgaoileadh don scél
tíre fá throimbreith a maor;
do fhégh ar an eachraidh uadh,
scél fuar le heachlaigh go hAodh.

11 A ndualgus Bérla do bháidh
uatha sul térna dá thír; -
tearc aga dá fhaghluim féin,
fada ar fhréimh Raghnuill do rígh.

12 Sgor siobhlach lér fhalmhaigh fhiadh,
dearbhuidh a ngiomhradh a ngleódh
budh gearr ré na heachra ag aon,
raon na deabhtha dob é a n-eól.

13 Sluagh seasmhach lér téigheadh tír,
’na n-aghaidh ní hésgaidh tóir;
méin raghail san oidhche fhuair
coibhche an tsluaigh Bhranaigh do Bhóinn

14 Do chuairt laoi-si ar láthair gleó
gan aoinfhear do fhágaibh mná;
do lá foghmhair cora clú,
foghlaidh ar chrú Logha an lá.

15 Brath a raoin is rélda a n-eóil,
an scél-sain do sgaoil gach fáidh,
mall do shuirghe Thoighe an Trír
dá bhfuilnge ar mhín Moighe Máil.

16 Sí a ttreas ’gut fhéchain, a fhir,
a searc dá céidfhior gur chuir;
bristear coinne mná tar moir
más lá as-toigh do-roinne ruibh.

17 Créd fár cheilte diomdha dhóibh
re biodhbhaidh gur bheite réidh?
cosmhuil ré fiadhuil Fuinn Ír
buing shídh gan iaruidh dot fhéin.

18 Ní gan foghail fríoth an cháin
do chíos tobhaigh in gach tír;
caitior bróg dornchla ’na dhiaidh,
comhtha ón ghliaidh ar Fhód Ír.

19 Cradh ríoghphuirt tógbhuid go trágh
mar líonaid h'ógbhuidh fá fhiadh;

a ttéid thort do thréidhibh ríogh,
síodh ’gá dhéinimh a ngort gliadh.

20 A ttairbheirt dlúithe dá ndáil,
cúigeadh re Laighnibh ná luaidh;
tig a ttathaoir dá ttaobh féin,
Aodh tar fhréimh Cathaoir do-chuaidh.

21 Tír daoinioch goirthior ré [a] ngleó
gan mhaoine ón troimghleic a-tá;
feadh troda as cuimhnioch ar chlú,
ní foda ag crú Luighdhioch lá.

22 Leathaid a ttromchána ar thír
suil deachaid a horlár áigh;
toradh a bhfoghla ar chró Céin,
ní mó do fhréimh Connla an cháin.

23 Sgol Fhódla ó oirdhiorca a scél
fá throimtheisd tógbhuid a seól;
fada a shlighe riamh ’na raon,
file go hAodh ní iar eól.

24 Tonn nár fhoillsigh confadh cuain,
roinnfidh a torchur ré tír;
lór do Laighnibh tonn is tráigh
lér thairngir fáidh fá Fhonn Ír.

25 Síoth Aodha ón aimsir fár gheall,
budh caomhna d’fhaghlaidh ’na fhonn
go bhfuair ar síol mBroin-ne an barr
síodh a n-am choinne níor chom.